


TG4

# Tuarascáil Bhliantúil **2019**






# TG4 Tuarascáil Bhliantúil 2019


| | |
|---|---|
| Misean, Fís agus Croíluachanna | 3 |
| Gealltanais TG4 don bhliain 2019 | 5 |
| Buaicphointí Feidhmíochta TG4 don bhliain 2019 | 6 |
| Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile | 13 |
| Tuairisc an Chathaoirligh | 14 |
| Tuairisc an Ard-Stiúrthóra | 17 |
| Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 22 |
| Athbhreithniú Airgeadais 2019 | 25 |
| Ráitis Airgeadais | 26-42 |



*New series captures current crop helping Galway Hooker traditions to thrive..*

— Dave O'Connell, *Connacht Tribune* 11/1/19

***Bádóirí*** léirithe ag Aniar TV

# Misean, Fís agus Croíluachanna

Is é misean TG4 ná go soláthraímid seirbhísí siamsúla nuálacha meán trína ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus trína ndéantar caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain. Trí chomhpháirtíocht leis an earnáil chlosamhairc Ghaeilge, cumasaímid cruthú ábhair den scoth agus tacaímid le fás eacnamaíochta in Éirinn.

Is é fís TG4 "an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear".

Cuimsítear fís agus misean TG4 i mana TG4, "Súil Eile", a aithníonn an gá atá le fanacht mar chuid den phríomh-shruth le cláir nideoige trí chláir d'ard-chaighdeán a choimisiúnú/a cheannach agus a chraoladh, cláir atá in ann dul san iomaíocht le leibhéil láidre lucht féachana a tharraingt agus iad a choinneáil.

Bíonn tionchar ag luachanna TG4 ar an gcaoi a mbainfear an straitéis sin amach agus ar an gcaoi a n-oibríonn sí agus, tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcroílár shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go mbeidh na luachanna sin mar threoirphrionsabail ag gach fostaí de chuid TG4 ina gcuid oibre.



Láithreoirí TG4 Mairéad Ní Chuaig, Fiona Ní Fhlaithearta agus Caitlín Nic Aoidh

## Croíluachanna TG4

**Ceangal:**

- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Caighdeán agus Luach ar Airgead:**

- Sceideal clár ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

**Cruthaitheacht:**

- A bheith cruthaitheach maidir leis an aschur agus maidir le gach ní a dhéanaimid.
- Leanúint de chláir nuálacha uathúla a chur ar fáil.

**Réamhghníomhach:**

- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.

*TG4 announce an action-packed and informative season.*

— Paddy Kehoe *RTÉ.ie* 4/9/19



***Peil na mBan*** léirithe ag Nemeton




*New series shining a light on border walls across the world.*

—Judy Murphy
*Connacht Tribune* 10/1/19

***An Balla*** léirithe ag Rondo Media

# Gealltanais TG4 don bhliain 2019

**In 2019, chuir TG4 13 ngealltanas i láthair mar a bhain leis na 5 théama seo a leanas:**

i An lucht féachana – tionchar agus aimsiú
ii Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht
iii An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt
iv Trédhearcacht agus éifeachtúlacht
v Iontaoibh agus dea-rialachas

## An lucht féachana – tionchar agus aimsiú

1. Leanúint de mar atá ag éirí linn ó thaobh lucht féachana a aimsiú agus an sciar den lucht féachana atá againn a choinneáil mar a bhaineann leis an croí lucht féachana agus an lucht féachana náisiúnta.
2. Leanúint ag cur leis an gcaidreamh atá againn leis an lucht féachana neamhlíneach, go háirithe mar a bhaineann sé le hábhar atá dírithe ar dhreamanna óga sa lucht féachana sin.
3. Sprioc rialála na bliana 2019 maidir le fotheidil a shásamh.
4. A bheith rannpháirteach leis an lucht féachana agus éisteacht leo agus bealaí nua a fhorbairt d'fhonn an tionchar atá againn ar an lucht féachana a mheas.

## Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht

5. An sceideal craolacháin is suaithinsí agus is bríomhaire is féidir a chur ar fáil dár gcroí lucht féachana Gaeilge laistigh de chúinsí buiséid.
6. Cláir spéisiúla agus shiamsúla a chur ar fáil don lucht féachana níos leithne.
7. Ábhar ar líne agus ábhar digiteach atá cruthaitheach agus tarraingteach a chur ar fáil le freastal ar an athrú a thagann ar iompar an lucht féachana.
8. Leanúint de bheith nuálach i dtaobh na teicneolaíochta a úsáidimid agus í a fhorbairt d'fhonn caighdeán an ábhair a chur chun cinn chomh maith leis na bealaí atá againn ceangal a dhéanamh leis an lucht féachana.

## An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt

9. Seirbhís craolacháin agus ábhar a chur ar fáil ina dtugtar léargas ar shaol mhuintir na hÉireann agus ar thuairimí leanaí na tíre agus a chuidíonn le dlús a chur arís faoin nGaeilge.
10. An infheistíocht atá déanta againn i ndaoine cumasacha a bhfuil Gaeilge acu agus i gcruthaitheacht in ábhar Gaeilge a chosaint agus bunábhar láidir nua de chuid na hÉireann a sholáthar i gcomhar leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách.
11. Leanúint den chartlann dhigiteach Ghaeilge a fhorbairt.

## Trédhearcacht agus éifeachtúlacht

12. A chinntiú go gcomhlíonann muid ár gcuspóirí i ndáil le buiséad, go mbaintear an leas is fearr is féidir as an gcistíocht phoiblí a chuirtear ar fáil dúinn agus go dtugtar éifeachtúlacht agus luach ar an airgead i gcrích.

## Iontaoibh agus dea-Rialachas

13. A bheith freagrach dár bpáirtithe leasmhara agus a chinntiú: go gcloítear le gach cód agus rialachán; go mbeidh iléagsúlacht agus ilchuimsitheacht ag baint lenár seirbhísí; go mbaintear na caighdeáin is airde eiticí agus gairmiúlachta amach.



# Buaicphointí Feidhmíochta TG4 sa bhliain 2019

D'éirigh go maith le TG4 ar go leor bealaí sa bhliain 2019. Leanamar de chultúr agus de chruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn, tallann nua a chothú agus tionscnaimh nua dhigiteacha a sheoladh. Tríd ábhar agus cláir, tháinig méadú ar lucht féachana ár gcuid seirbhísí líneacha agus neamhlíneacha (digiteach). Chuir TG4 go fiúntach le sochaí agus le geilleagar na tíre tríd an tacaíocht a thugamar don earnáil léiriúchán neamhspleách. Léiríonn an bhéim atá ag TG4 ar an chultúr, an cheol agus na healaíona agus ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga bheo, oibre, an tábhacht atá leis an gcainéal mar an meán cumarsáide seirbhíse náisiúnta Gaeilge agus an méid a chuireann TG4 ar fáil do lucht féachana na hÉireann agus don diaspóra ar fud an domhain.



***Arracht*** léirithe ag Macalla





Dónal O'Connor agus Doireann Ní Ghlacáin, ***Gradam Ceoil TG4***

*I believe that TG4 is part of a vision for healthy bilingualism in Ireland, especially in those regions where Irish is strong.*

— Simon Cocking
*Irish Tech News* 24/7/19

# An Lucht Féachana

Tháinig méadú ar sciar lucht féachana náisiúnta TG4 sa bhliain 2019 go 1.84% (comhdhlúite, 2.02% beo) agus bhí ardú ar rangú an chainéil i margadh teilifíse na hÉireann go dtí an 6ú cainéal is mó lucht féachana in Éirinn (de na céadta cainéal atá ar fáil).

Is é seo an rangú lucht féachana is airde ag TG4 ó seoladh an cainéal sa bhliain 1996. Aimsíodh 71% de phobal labhartha na Gaeilge sa lucht féachana a aimsíodh sa bhliain 2019, leibhéal eisceachtúil rannpháirtíochta leis an gcroílucht féachana.

Tá teacht ag lucht féachana ar fud an domhain ar ábhar Gaeilge trí Sheinnteoir TG4. Tháinig méadú mór ar lucht féachana an seinnteoir le linn na bliana 2019 agus faoi dheireadh na bliana seoladh Seinnteoir a bhí leagtha amach as an nua, atá dírithe ar eispéireas an úsáideora/lucht féachana a fheabhsú. Cuireadh níos mó bailiúchán clár ar fáil agus déanadh an dearadh níos éasca agus níos taitneamhaí chun an t-ábhar a aimsiú agus féachaint air.

Sa bhliain 2019, neartaigh TG4 an ceangal leis an lucht féachana ar fud ardáin Meán Shóisialta agus lean rannpháirtíocht agus an lucht féachana físe ag méadú i rith na bliana. D'fhéach TG4 le freastal ar dhá phobal féachana ar leith trí bhrandaí Molscéal agus BLOC. Díríonn Molscéal ar ábhar digiteach don chroílucht féachana Gaeilge agus díríonn BLOC ar ábhar don lucht féachana óg ar líne.

An **6ú** cainéal is mó lucht féachana in Éirinn – an rangú is airde lucht féachana fós

**24%** Méadú ar shruthú/líon na bhfíseán a féachadh orthu ar Sheinnteoir TG4.

**174%** Méadú ar rann-pháirtíocht ar na meáin shóisialta



# Infheistíocht in Ábhar agus i gCruthaitheacht

I gcroílár mhisean TG4, leagtar béim ar ábhar atá Éireannach, nuálach a chruthú. Chuir TG4 rogha clár ar fáil sa bhliain 2019 ina n-insítear scéalta comhaimseartha, spéisiúla — scéalta a bhaineann le pobal na hÉireann.

B'é an spórt, ceol traidisiúnta, ábhar do leanaí na bunchlocha ar a raibh sceideal craolacháin an stáisiúin bunaithe le linn na bliana 2019.

I measc Bhuaicphointí 2019 bhí: sraith faisnéise *Finné*, a thug léiriú ar an teacht aniar atá i ndaoine i gcúinsí anróiteacha; *Tabú*, a chumhdaigh ábhair mar easpa dídine, an córas soláthair dhírigh agus trasinscne in Éirinn; agus *Uchtú – Evanne Ní Chuilinn*, scéal an uchtaithe in Éirinn.

Sraitheanna nua eile a thugann léiriú ar shaol na Gaeltachta iad *Bailte*, ina bhfiosraítear bailte fearainn agus pobail in Éirinn; *Bádóirí* faoi sheacht dteaghlach a thugann faoi ghealltа bád na Húicéirí ársa, *Turas Bóthair* a léiríonn na nithe a mbíonn daoine a phlé i ndáiríre sa charr agus *Seoda Bhailiúchán na Scol*, sraith atá bunaithe ar Bhailiúchán na Scol.

Chomh maith le hábhar craolacháin ar ard-chaighdeán, tá TG4 ag déanamh infheistíochta freisin i bhfadscannáin Ghaeilge. Seoladh *Finky*, an chéad fhadscannán de chuid Cine4, ag Fleadh Scannán na Gaillimhe 2019 agus taispeánadh *Arracht* den chéad uair sa bhfómhar ina dhiaidh sin ag Féile Scannán Tallinn san Eastóin. Bhíothas i mbun léiriúcháin ar dhá scannán eile sa bhliain 2019 agus bhí péire eile ag céim na forbartha.

Shroich ábhar TG4 lucht féachana ar fud an domhain idir chomhléiriúcháin idirnáisiúnta mar: *An Balla*, ina n-insítear an scéal a bhaineann le cuid de na ballaí teorainn is aitheanta ar fud an domhain agus na ndaoine a bhfuil tionchar acu orthu; agus *Taoide*, a léiríonn cumhacht agus mistéir na taoide.

I measc na bhfadscannán a taispeánadh ag féilte idirnáisiúnta bhí: *Cumar, A Galway Rhapsody* (a rinneadh mar chuid den scéim ilDána, scéim maoinithe do chláir faisnéise de chuid TG4/na Comhairle Ealaíon); *Iomramh an Chamino* (faoi aistear Ceilteach 2,500 km i gcurach as Éirinn go Tuaisceart na Spáinne; agus *Lomax in Éirinn*, scéal an eitni-cheoleolaí a thug ceol na hÉireann slán.

**2** scannán nua Gaeilge eisithe sa phictiúrlann,
**2** scannán á léiriú le heisiúint sa phictiúrlann in 2020 agus
**2** scannán á bhforbairt lena léiriú sa bhliain 2020.

**77%** an sciar den chistíocht phoiblí a caitheadh ar ábhar Gaeilge.

**€28.2m** an t-iomlán a caitheadh ar ábhar, **€26.3m** de sin ar ábhar Gaeilge.

*Critical role played by TG4 and the BAI in developing the production sector outside Dublin/Wicklow over the past 10 years is highlighted in the (Olsberg SPI with Nordicity) report....*

— BAI



***Cumar, A Galway Rhapsody*** léirithe ag Magamedia



An tAire Richard Burton agus an tIar-Aire Gaeltachta Seán Kyne ag seoladh Scéim Forbartha Oiliúna TG4 agus Údarás na Gaeltachta

# Fostaíocht á dtabhairt chun cinn sna Réigiúin agus tacaíocht don earnáil neamhspleách ins na Réigiúin

*I'm really impressed by TG4 and the model they have developed to cultivate independent capability.*

— Richard Bruton TD

Leanann TG4 de thionscail na cruthaitheachta in Éirinn a threisiú, i gceantair réigiúnacha ina bhfuil tionscail chruthaitheacha mar ghnéith tábhachtach don phobal agus don cheantar. Spreagann TG4 an earnáil léiriúchán neamhspleách sna réigiúin, i gceantair Ghaeltachta go háirithe .

In 2019, rinne TG4 infheistíocht €23m san earnáil léiriúchán neamhspleách in Éirinn. Thug an infheistíocht a rinne TG4 i gcistíocht forbartha tríd an gCiste Idirnáisiúnta Ceilteach deis do chomhlachtaí in Éirinn páirtnéireachtaí comhléiriúcháin a bhunú agus teacht ar chistíocht idirnáisiúnta. Lena n-áirítear cistíocht ó: Ciste Ábhair an EBU don fhadscannán *Colmcille*; Ciste Cheanada na hÉireann, don tsraith faisnéise *Rain Stories*; agus Ciste YAC (Young Audience Content) do *Sol*, scannán beochana atá dírithe ar dhaoine óga ina dtéitear i ngleic le briseadh croí.

In Éirinn, de bharr comhpháirtíocht TG4 le hÚdarás Craolacháin na hÉireann, Fís Éireann agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, cuirtear léiriúcháin Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil atá á léiriú i gcomhlachtaí i gceantair Ghaeltachta agus ar fud na hÉireann.

Leagann TG4 béim mhór freisin ar thacú le tallann nua a thabhairt chun cinn sa tionscal. I 2019, thionscain TG4 scéim forbartha oiliúna i gcomhpháirt le hÚdarás an Gaeltachta agus leis an earnáil neamhspleách léiriúchán chun cuidiú le daoine a bheadh ag dul ag obair sa tionscal den chéad uair taithí phraiticiúil a fháil.

**€23m** a caitheadh ar earnáil na léiriúchán neamhspleách.

**€21m** de sin a caitheadh ar chuideachtaí léiriúchán neamhspleách sna réigiúin.

**1,023** — Tionchar ó thaobh líon post go náisiúnta.*

*Díreach, indíreach agus spreagtha.

# An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt

**Ócáidí agus Beo Chraolta**

Lean TG4 le hábhar a chur ar fáil le linn na bliana 2019 a thugann léiriú ar an scáileán ar shaol agus ar chultúr na hÉireann. Chinntigh an clúdach cuimsitheach a rinneadh ar ócáidí spóirt (leithéid Chraobhchomórtais na gClubanna agus Faoi 20) agus ar imeachtaí cultúir (mar an tOireachtas agus Fleadh Cheoil na hÉireann) go raibh TG4 i gcroílár imeachtaí náisiúnta.

Ba údar ceiliúrtha do TG4 56,114 duine a bheith i láthair i bPáirc an Chrócaigh do Chraobh Pheil na mBan i mí Mheán Fómhair, an líon is mó riamh. Tugadh aitheantas le Gradam Ceoil TG4 do phlúr na gceoltóirí traidisiúnta ag mhór ócáid ceoil na bliana, Beo i Halla an Waterfront i mBéal Feirste.

Mar chuid de straitéis "TG4 Gach Áit", d'fhéach an cainéal le seirbhís a chuir ar fáil, ní amháin ar an scáileán teilifíse ach trasna na n-ardán ar fad, ar an Seinnteoir agus ar na Meáin Shóisialta agus ceangal a dhéanamh leis an bpobal ag imeachtaí poiblí le linn na bliana.

Chuir cláir TG4 ábhar Gaeilge faoi bhráid lucht féachana idirnáisiúnta, le taispeántais ar fud an domhain, agus ba léiriú ar chaighdeán na gclár sin na gradaim a buadh le linn na bliana. Ina measc bhí: "Gradam don Cineamatagrafaíocht is Fearr" ag Fleadh Scannán na Gaillimhe (*Finky*); 'Gradam don Chlár Faisnéise is Fearr' ag Féile de Scannáin na hÉireann, Londain (*Cumar*); agus Torc na Meán Ceilteach (*Lomax in Éirinn*).



***Is mise*** léirithe ag Meangadh Fíbín

**Ábhar do Leanaí**

I gcroílár ábhar clár an chainéil, tá an tseirbhís chuimsitheach a chuireann TG4 ar fáil le freastal ar leanaí. Le linn na bliana 2019, craoladh 5 n-uair an chloig gach lá d'ábhar do leanaí ar Cúla4. Tá Aip Cúla4 ar an seinnteoir (atá ar fáil ar fud an domhain) agus teacht ar ábhar i nGaeilge air am ar bith den lá arna éileamh. Chuir Cúla 4 lena chuid ábhar ar YouTube Kids freisin. Rinne TG4 infheistíocht €1.85 milliún in ábhar do leanaí sa bhliain 2019 agus rinne coimisiúnú ar mhórshraitheanna lena n-áirítear *Is Mise*, *Lá le Mamó nó Daideo*, *An Siopa Ealaíon* agus *Mo Shaol Do Shaol*.

**Oideachas**

Rinneadh TG4 Foghlaim, tairseach oideachais TG4, a fhorbairt tuilleadh trí dul i gcomhar le COGG (An Comhchoiste Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) chun ábhar físeáin a chur ar fáil do *Dúchas*, treoir nua do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Rachadh i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael agus COGG chun leagan Gaeilge den Chlár Idirbhliana Laochra na Todhchaí a chur ar fáil. I bpáirt leis an BAI agus RTÉ, seoladh acmhainn do ranganna staire bunaithe ar an tsraith *Éirí Amach Amú/Wrecking the Rising* (Tile Films) de chuid TG4. D'oibrigh TG4 le Roinn na Gaeltachta agus le Camara Ireland chun TECHFÉILE a reáchtáil, imeacht taispeántais chun úsáid chruthaitheach na teicneolaíochta a spreagadh. Cuireadh fáilte chuig an ócáid roimh 250 leanbh ó cheann ceann na tíre.

**Cartlann**

Lean TG4, mar choimeádaí ar mheán físe agus fuaime Gaeilge, le ábhar cartlainne a chaomhnú le cúnamh ó scéimeanna cartlainne an BAI. Cuireadh cartlann de Ghradam Ceoil le 20 bliain ar fáil ar líne nuair a chuaigh Cartlann TG4 i bpáirt le Taisce Cheol Dúchais na hÉireann (ITMA). Taispeánadh an chartlann seo ag imeachtaí poiblí ar fud na tíre, ag an tOireachtas agus ag Scoil Samhraidh Willie Clancy ina measc.

**89%** an sciar den phobal a mheasann go gcuireann TG4 an teanga chun cinn.

**83%** an sciar den phobal a mheasann go bhfuil teacht níos éasca ar an nGaeilge ar TG4 ná ar aon mheán cumarsáide eile.

**€1.85m** a caitheadh ar Ábhar do Leanaí




Siún Nic Gearailt agus Eimear Ní Chonaola, ***Nuacht TG4***

# Trédhearcacht agus Éifeachtúlacht

Tá TG4 tiomanta an leas is fearr a bhaint as an gcistíocht phoiblí a fhaightear. Tá TG4 dírithe ar chomhpháirtíocht le hearnáil na léiriúchán neamhspleách in Éirinn. I 2019, caitheadh breis is 70% den gcaiteachas bliantúil ar ábhar nua Gaeilge a chruthú. Cinntíodh gur fhan forchostais chomh íseal agus ab fhéidir. Is muirir tharchuir agus costais foirne an caiteachas is mó go hinmheánach agus déantar seo a bhainistiú go h-éifeachtach. Tá croífhoireann de 88 duine fostaithe i TG4 i réimsí na hEagarthóireachta, Teicneolaíochta, Margaíochta agus Dearaidh den chuid is mó. Taobh amuigh de sin, is chuig an earnáil léirithe neamhspleách a théann formhór caiteachais TG4.

# Iontaoibh agus Dearialachas

Féachann TG4 i gcónaí na caighdeáin sláine eagarthóireachta is fearr a bhaint amach agus ábhar atá dírithe ar a lucht féachana a chur ar fáil. Chloígh TG4 le dea-chleachtais ó thaobh rialachais sa bhliain 2019, lena n-áirítear iniúchtaí inmheánacha agus athbhreithnithe ar bhainistiú riosca. Choinnigh TG4 caidreamh le páirtithe leasmhara sa tionscal lena chinntiú go bhfuil an cainéal forghníomhach agus ar an eolas maidir le dea-chleachtas sa tionscal. In 2019, lean TG4 de: bheith cuntasach do pháirtithe leasmhara TG4 ar fad; a chinntiú gur cloíodh le gach cód agus rialachán craolacháin; agus na caighdeáin is airde sláine, gairmiúlachta agus cáilíochta a chur ar fáil.

**71%** an sciar de chaiteachas a caitheadh ar ábhar.

**17.6%** an sciar de chaiteachas a caitheadh ar an bhfoireann agus ar fhorchostais.*

**€66m** a chuir an stáisiún le holltáirgeacht náisiúnta na tíre.†

*Gan foireann léiriúcháin ábhar.
†Díreach, indíreach agus spreagtha.



Doireann Ní Ghlacáin, ***Tradfest*** léirithe ag Aniar TV

# Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil an Achta Craolacháin, 2001. Tá an bord comh-dhéanta de chathaoirleach agus 11 bhall, an Ard-Stiúrthóir san áireamh i gcáil ex-officio chomh maith le ball atá ionadaíoch ar an bhfoireann. An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a dhéanann na ceapacháin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2019.

**Comhaltaí Boird agus an tArd-Stiúrthóir ar an 31 Nollaig 2019:**



Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)



Alan Esslemont (Ard-Stiúrthóir)



Des Geraghty



Diarmuid Ó Ruiséal



Bríd Ní Fhachtna



Frank Reidy



Mairéad Ní Cheóinín



Micheál Seoighe



Michelle Ní Chróinín



Mairéad Ní Nuadháin



Siobhán Ní Ghadhra



Darach Ó Tuairisg

**Rúnaí an Bhoird**
Lís Ní Dhálaigh

**Fochoistí an Bhoird**
Tá dhá fhochoiste ag an mBord, mar seo a leanas:

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***
Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach)
Frank Reidy
Mairéad Ní Nuadháin

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2019, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord i ndiaidh na gcruinnithe sin. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

***An Coiste Luach Saothair***
Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach)
Des Geraghty
Micheál Seoighe

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2019.

**Rúnaí Cuideachta agus Oifig Chláraithe**
Emer Ní Ghabhnáin
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

**Iniúchóir**
An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1

**Baincéirí**
AIB
Caisleán an Loingsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh

# Tuairisc an Chathaoirligh, 2019

Chruthaigh TG4 go maith i rith na bliana 2019. Coinníodh ag seasamh an fhóid maidir le cultúr, cruthaitheacht agus cumas mhuintir na hÉireann agus leanadh ag cur leis an lucht féachana, ainneoin a raibh d'ábhar dúshláin ag baint leis an mbliain go ginearálta ag craoltóirí seirbhíse poiblí i ngach áit agus a bhfuil de dheacracht le sárú ag TG4 féin maidir le cúrsaí cistíochta.

Treisíodh leis an gcaidreamh idir TG4 agus an lucht féachana i rith na bliana. Tháinig ardú ar an sciar den lucht féachana náisiúnta teilifíse go raibh ag beagnach 2% sa bhliain 2019 agus chuaigh TG4 chun tosaigh ionas go bhfuil ar an 6ú cainéal is mó a mbreathnaítear air in Éirinn. Seo an rangú is fearr maidir leis an lucht féachana atá bainte amach ag TG4 ó tosaíodh ag craoladh sa bhliain 1996.

Tharraing TG4 aird 71% den lucht féachana a bhfuil Gaeilge acu i rith na bliana 2019. Is ríshuntasach an leibhéal comhchaidrimh sin leis an mbundream sa lucht féachana. Bhí sé an-dearfach freisin aiseolas cáilíochtúil breise a fháil ónár bpainéal taighde, ag taispeáint méadú suntasach ar shásamh na gcainteoirí Gaeilge le TG4 i rith na bliana.

Bhí béim ag TG4 ar cheangal níos dlúithe a chothú le dreamanna níos óige sa lucht féachana. Bhí aird faoi leith i rith na bliana 2019 ar chur le sciar TG4, ar mheán na teilifíse agus ar na meáin dhigiteacha, den lucht féachana sin a ndéantar iomaíocht ghéar ina leith agus a mbaineann deacracht lena n-aird a tharraingt. Ábhar ríméid dúinn ardú beagnach 23% ar sciar TG4 den lucht féachana teilifíse 15-34 bliain d'aois agus ardú 14% maidir le físeáin a bhreathnú ar *Bloc*, ardán Meán Sóisialta TG4 do dhreamanna den aois chéanna. Leanfar den díograis i rith na bliana 2020 agus ina dhiaidh sin ionas go mbítear tarraingteach ag an gcuid seo den lucht féachana — chomh maith lena bheith tarraingteach ag lucht féachana na leanaí óga.

Tháinig ardú i rith na bliana 2019 ar líon an lucht féachana ar na seirbhísí digiteacha. Tá tábhacht níos mó i gcónaí leis an lucht féachana sin maidir le héiceachóras TG4 agus is ar an gcúis sin a rinneadh infheistíocht mhór sna hardáin dhigiteacha agus san ábhar lena n-aghaidh i rith na bliana. Chruthaigh Seinnteoir TG4 agus Meáin Shóisialta TG4 go maith i rith na bliana 2019, le hardú 24% agus 174% faoi seach. Chuir TG4 athruithe móra i bhfeidhm maidir le comhéadan an láithreáin gréasáin agus na córais chomhairimh agus táthar ag tnúth le feabhas mór ar na figiúirí i rith na bliana 2020 maidir le haird an lucht féachana.

D'éirigh go maith leis an ábhar nualéirithe leis an lucht féachana ar na hardáin uilig. Ós Craoltóir Foilsitheoireachta TG4, treisítear le tionscail na cruthaitheachta in Éirinn. Rinneadh infheistíocht €23m in ábhar ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn i rith na bliana 2019 — níos mó ná 67% den chistíocht reatha phoiblí a fhaigheann TG4. Tá TG4 tugtha don fhorbairt réigiúnach agus aimsítear mórchuid an ábhair agus na seirbhísí ó chomhlachtaí inarb í an Ghaeilge an teanga feidhmiúcháin den chéad rogha, cuid mhór acu sin suite i gceantar Gaeltachta nó i gceantar réigiúnach. I rith na bliana 2019, caitheadh €21m den €23m le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ar comhlachtaí réigiúnacha iad. Meastar go mbaineann cion tairbhe tuairim is €55m ó thaobh toradh réigiúnach leis an gcaiteachas a rinne TG4 i réigiúin na hÉireann amháin agus gur cuireadh bonn faoi choibhéis 870 post lánaimseartha[1].

De réir mar atá teacht chomh fairsing sin ar ábhar idirnáisiúnta, is ea is tábhachtaí arís agus arís eile an sainordú a thugtar do TG4 — béim a leagan ar ábhar ar de chuid na hÉireann go sainiúil é agus ar ceiliúradh atá ann ar chultúr beo na tíre. Chomh maith le lón ábhair craolacháin agus ábhar digiteach ar ardchaighdeán, rinne TG4 infheistíocht i bhfadscannáin i nGaeilge. Seoladh Cine4 i gcomhar le hÚdarás Craolacháin na hÉireann agus le Fís Éireann i ndeireadh na bliana 2017. Scéim ardaidhme í sin a bhfuil deich gcinn d'fhadscannáin i nGaeilge á léiriú faoina scáth in imeacht tréimhse cúig bhliana chomh maith le scileanna léiriúcháin maidir le scannáin a thabhairt chun cinn i measc lucht an tionscail in Éirinn. Léiríodh dhá scannán i rith na bliana 2018 le taispeáint sna pictiúrlanna i 2019 (*Arracht* agus *Finky*). Forbraíodh agus léiríodh dhá scannán eile i rith na bliana 2019 (*Mo Ghrá Buan* agus *Foscadh*), agus táthar ag tnúth lena gcur ar taispeáint sna pictiúrlanna i rith na bliana 2020.

Treisíonn TG4 freisin le daoine óga cumasacha a thabhairt chun cinn ar fud an tionscail in Éirinn. Rinneadh infheistíocht maidir le socrúcháin do chéimithe trína ndéantar soláthar do chlár bliana d'iontrálaithe nua den earnáil agus rinneadh infheistíocht, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, Comhlachtaí Oiliúna maidir le Tionscail Scáileáin agus Earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha, i Scéim Forbartha nua maidir le hOiliúint sna Meáin Chumarsáide d'fhonn scileanna léiriúcháin agus daoine cumasacha a thabhairt chun cinn. Tá níos mó ná deich gcinn de chomhlachtaí léiriúcháin páirteach sa scéim faoina dtugtar taithí oibre ar feadh bliana do dhaoine atá ag dul faoi oiliúint sa tionscal den chéad uair chomh maith le ceardlanna oiliúna a chur ar fáil.



Láithreoirí TG4 Micheál Ó Ciardha agus Caitlín Nic Aoidh

[1] Díreach, indíreach agus spreagtha.





***Hector USA — Ó Chósta go Cósta*** léirithe ag Domhan Media

Maidir le cúrsaí airgid, chruthaigh TG4 go maith sa bhliain 2019. Gnóthaíodh €4.32m d'ioncam tráchtála i rith na bliana 2019, an leibhéal is airde ón mbliain 2007 i leith agus sin ainneoin cúngú beagnach 5% ar mhargadh fógraíochta teilifíse na hÉireann agus cúrsaí tráchtála a bheith anróiteach. Bíonn tairbhe as an ioncam sin maidir le cistíocht don chroísceideal agus don sceideal taca. Tugadh an buiséad oibriúcháin agus an buiséad caipitil i bhfeidhm de réir mar a bhí leagtha amach agus bhí an costas foirne agus an forchostas ag teacht leis na slata tomhais idirnáisiúnta.

Le súil chun cinn ar an mbliain 2020, beidh an Bord dírithe ar a chinntiú go gcuireann TG4 arís leis an obair dhúthrachtach maidir leis an dualgas seirbhíse poiblí agus go mbíonn bonn daingean faoin eagraíocht ó thaobh gnóthaí airgeadais. Tá réimsí suntasacha dúshláin le sárú ag TG4, brú maidir le cúrsaí airgid san áireamh. Má táthar le leanúint den toradh fónta maidir leis an dualgas tábhachtach a leagtar ar TG4, ní mór díriú ar an gceist maidir le maoiniú poiblí. Fáiltíonn TG4 roimh bhunú an Choimisiúin um Thodhchaí an Chraolacháin Seirbhíse Poiblí in Éirinn agus táthar ag tnúth le hathbhreithniú ar chóras maoiniúcháin na hÉireann maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí mar chuid d'obair an Choimisiúin.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Richard Bruton TD agus le hoifigigh na Roinne, faoi cheannas an Ard-Rúnaí Mark Griffin, as an gcúnamh taca a bhfuil oiread tábhachta leis do TG4. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl do chomhaltaí uile an Bhoird as a gcuid maoirseachta agus as a gcuid díograise ar son TG4.

Tá TG4 buíoch freisin den Údarás Craolacháin, den Chiste Craoltóireachta Gaeilge agus d'Fhís Éireann as an gcúnamh taca leanúnach agus de RTÉ as an gcúnamh taca lena n-áirítear 365 uair a chloig d'ábhar cláir Gaeilge a chur ar fáil faoin reachtaíocht.

Is mian linn go háirithe an ról barrthábhachta a bhíonn ag na páirtnéirí cruthaitheachta, go mór mór earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, a admháil. Bíonn an rath a bheidh ar TG4 ag brath ar chumas agus ar chruthaitheacht lucht na hearnála sin agus táthar ag treisiú leis an gcomhar páirtnéireachta idir TG4 agus an earnáil. Ar an gcaoi sin, cuidíonn TG4 le tionscail na cruthaitheachta in Éirinn a neartú, go háirithe i gceantair réigiúnacha ina mbíonn tábhacht faoi leith, maidir leis an bpobal agus le cúrsaí eacnamaíochta, le tionscail atá bunaithe ar eolas agus ar chruthaitheacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an uile dhuine a oibríonn i TG4, faoi threoir lánábalta Alan Esslemont, Ard-Stiúrthóir. Is é cumas, dúthracht agus díograis na foirne i rith na bliana 2019 an bonn treise faoin rath ar obair TG4 maidir lena chinntiú go mbíonn ábhar cruthaitheachta sainiúil de chuid na hÉireann á léiriú i gcónaí, gur so-aitheanta é i gcomparáid leis an iliomad rogha eile ábhair go hidirnáisiúnta, agus go seasann an chuid is fearr ar fad den ábhar sin an fód ar an margadh idirnáisiúnta ionas go gcuirtear cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann i láthair an tsaoil mhóir.

Mar fhocal scoir, agus mé á scríobh seo, táimid i lár na paindéime Covid-19 atá ag dul i bhfeidhm go tubaisteach ar ár saol go léir agus a dhéanfaidh go ceann tamaill eile. Níl a fhios againn cad atá i ndán don todhchaí ach tá a fhios againn go bhfuilimid athléimneach agus gur féidir linn teacht tríd an ngéarchéim seo. Anois níos mó ná riamh, feicimid an tábhacht a bhaineann le ról na craoltóireachta seirbhíse poiblí agus beidh ról ag TG4 sa mhéid seo agus leanfaidh sé ag seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin a léiríonn a bhfuil ag tarlú inár sochaí.

*In his new show Hector Ó hEochagáin covers all sorts of interesting issues on his journey across the US.*

— Richard Fitzpatrick
*Irish Examiner* 23/10/19

**Siún Ní Raghallaigh**
***Cathaoirleach***
19 Bealtaine 2020



*Iomramh an Chamino* léirithe ag Anú Pictures

# Tuairisc an Ard-Stiúrthóra

Ag tús na bliana 2019 thuig Bainistíocht TG4 go mbeadh dúshlán an-mhór roimh TG4 mar gheall ar an ardú beag a bhí tagtha ar ár mbuiséad, suim a bhí i bhfad níos ísle ná an méid a bhí molta ag an BAI dúinn, agus níos lú ná mar a theastaigh chun ár straitéis a chur i bhfeidhm. Bhí an tuairim againn mar bhainistíocht gur cheart dúinn tábhacht TG4 sna réimsí thíos a mhíniú níos fearr don Rialtas.

1. Tionchar TG4 ar earnáil chruthaitheach na Éireann.
2. Tionchar TG4 ar an eacnamaíocht réigiúnach.

Bhí cúpla mí an-chruógach againn ag ullmhú cás-staidéir agus cur i láthair, bunaithe ar eolas a bhí bailithe ó na comhlachtaí léiriúcháin teilifíse neamhspleácha, chomh maith le sonraí maidir le hinfheistíocht, postanna, traenáil, forbairt agus tionchar sóisialta a tharlóidh de thairbhe méadú ar mhaoiniú TG4. Le cúnamh ón Roinn Chumarsáide, fuair muid an deis an staidéar seo a chur os comhair na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) i Mí an Mheithimh 2019.

Ansin shocraigh muid roinnt cruinnithe a eagrú i dTeach Laighean chun na Teachtaí Dála agus na Seanadóirí a chur ar an eolas faoi straitéis TG4 agus faoin iarratas atá againn maidir le maoiniú breise do TG4 (100% á infheistiú in earnáil neamhspleách na hÉireann). Bhí tuairimí dearfacha ag gach duine a casadh orainn maidir le TG4 ach síleann muid gurb iad an t-eolas agus na cas-staidéir maidir le ról TG4 san eacnamaíocht chruthaitheach ó thaobh postanna, ioncaim, forbairt scileanna agus an tionchar sóisialta is mó a chuir iontas orthu agus is mó a chuaigh i bhfeidhm orthu.

I Meitheamh freisin i dTeach Laighean, sheol Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán tuarascáil ar 'Na dúshláin a bhaineann le craoltóireacht na Gaeilge'. Bhí 18 moladh ar fad sa tuarascáil, ceann de na moltaí is suntasaí maidir le TG4 ná: "Go ndéanfadh an Rialtas an laghdú de €6m a d'fhulaing TG4 ó tharla an cúlú eacnamaíochta a athbhronnadh ar an stáisiún agus go bhféachfaí air seo mar 'athbhunú' den mhaoiniú a gearradh".

Ansin i Mí Iúil, tháinig an tAire Richard Bruton go Gaillimh chun Scéim Oiliúna TG4/Údarás na Gaeltachta (i gcomhpháirt le GMIT) a sheoladh. Bhí an tAire thar a bheith dearfach faoin scéim oiliúna ach freisin faoi TG4 go ginearálta. Dúirt sé ina óráid: "I am really impressed by TG4 and the model that they have developed to cultivate independent (production) capability."

I mBuiséad an Rialtais ag tús Mhí Dheireadh Fómhair 2019, tugadh allúntas breise de €1m do TG4 don bhliain 2020. Go dtí seo, níl ach €3.5m tugtha den €6m a bhí molta ag an BAI agus tá bearna charnach de €9.87m i maoiniú iomlán TG4. Beidh muid ag iarraidh leanúint arís i 2020 lenár bhfeachtas chun an leibhéal maoinithe molta ag an BAI a bhaint amach do 2021.

Bhí bliain an-mhaith ag TG4 i 2019 maidir le lucht féachana, an chéad bhliain riamh go raibh muid ar an 6ú cainéal is mó féachana in Éirinn, os cionn leithéid BBC Two agus Channel 4. Thosaigh 2019 go han-mhaith agus bhí an-tóir ag an lucht féachana orainn sa samhradh freisin. Cé nach raibh Fómhar láidir againn le lucht féachana, bhí Nollaig iontach againn, le lucht féachana, le léirmheastóirí agus leis an 'twitterati'. Ar-líne freisin, trí Sheinnteoir TG4, tá teacht ar TG4 ar fud an domhain agus ábhar Gaeilge TG4 ar fáil don lucht féachana domhanda saor in aisce. Freisin, tá an dá chuid, *Molscéal* agus *BLOC* ag déanamh go leor dul chun cinn agus tá mé an-sásta leo in ainneoin nach bhfuil mórán acmhainní tugtha dóibh go fóill.



***Is Mise*** léirithe ag Meangadh Fibín

**Ábhar TG4 i 2019**

Bhí an leibhéal ard féachana seo bunaithe ar ard-chaighdeán na gclár agus an t-ardú infheistíochta a rinne muid i gcláracha agus in ábhar closamhairc. I 2019 ina iomlán, chaith TG4 níos mó ná €28m ar ábhar, €26.3m den méid sin ar ábhar Gaeilge, sin 77% de mhaoiniú reatha poiblí TG4.

Lean TG4 orainn ag soláthar ábhar a léiríonn sochaí agus cultúr na hÉireann le ceol, spórt, cláracha faisnéise, nuacht agus cúrsaí reatha mar bhunchlocha dár sceideal i rith na bliana.

Bliain mhaith a bhí í 2019 maidir le rásaíocht capall na hÉireann agus bhí an clár *Jump Girls* (Touchline Media) thar a bheith tráthúil. Ar ndóigh, is é Mí Márta buaic-phointe na bliana do TG4 ó thaobh lucht féachana spóirt de agus cé go raibh díomá orainn nár bhain Gaoth Dobhair amach Cluiche Ceannais na gClub, bhí muid an-sásta leis na cluichí a fuair muid i gCluichí Ceannais Club na hÉireann agus Cluichí Ceannais na Sraithe (Nemeton). D'éirigh linn freisin dhá bhabhta dornálaíochta a chraol-adh — Dornálaíocht IABA (Nemeton) agus Dornálaíocht Ghairmiúil (Vitel).

Bhí neart cainte go náisiúnta freisin ar *Truckers na hÉireann* (Clean Slate TV) agus go deimhin neart cainte ar truckers agus tiománaithe Chonamara i sraith de mhíreanna a rinne Nuacht TG4 maidir le droch-chaoi na mbóithre san Iarthar. Chomh maith leis sin chuir *7 Lá – Cearta Sibhialta na Gaeltachta* (Nuacht TG4) go leor daoine ag caint faoi thodhchaí na Gaeltachta.

Bhí *Réalta agus Gaolta* (Adare) ar ais ar ár scáileáin agus suim ag an lucht féachana i gcónaí i dtallann cheolmhar na dteaghlach in Éirinn. Sraith álainn í *Síolscéalta* (Saoi Media) maidir leis an 'Garraí Glas' atá ar leac ár ndorais anseo ar an Tulach, cláracha a spreagann muid agus a chuireann ag smaointeoireacht muid. Faoi Cháisc, bhain daoine an-taitneamh as *Iomramh an Chamino* (Anú Pictures), fadscannán faisnéise álainn, cuimhne ar agus léiriú ómóis do Danny Mac a' tSíthigh.

Bhí cláracha láidre suimiúla *7 Lá* againn do na toghcháin Eorpacha agus áitiúla. I mbliana d'éirigh linn roinnt cláracha *7 Lá* a chraoladh ó cheantair Ghaeltachta, agus mar gheall ar aimsir bhreá an Earraigh san Iarthar, d'éirigh linn na cláracha sin a chur i láthair amuigh faoin spéir. Tháinig muid le chéile le RTÉ chun pobalbhreith iarvótála a choimisiúnú. Sílim gur éirigh linn stádas breise a thabhairt don chraoltóireacht Ghaeilge ag am na dtoghchán mar gheall air seo.

Chraol TG4 sraith láidir, *Taoide*, a bhain leis an tionchar a bhíonn ag an taoide ar ár saol. Sraith chomhléirithe d'ardchaighdeán a bhí i gceist a tháinig as an International Pitching Forum ag Féile na Meán Ceilteach i 2016. Mar pháirt den chomhléiriú, bhí craoltóir Síneach i gceist agus tuairim ag an dáileoir Síneach go mbeadh 60 milliún duine ag breathnú ar an leagan Síneach de *Taoide*.

Chríochnaigh an séasúr PRO14 ar TG4 ag Celtic Park agus an fhoireann baile, Glasgow, ag imirt in aghaidh Laighean. Cé nach raibh an méid céanna cluichí beo rugbaí againn i mbliana agus a bhí sa chonradh deiridh, bhí muid an-sásta leis an léiriú a rinne Iris Productions ar na cluichí.

Rinne an comhlacht Nemeton clúdach iontach arís ar Chomórtas Peile na Gaeltachta as Corca Dhuibhne agus bhí cluichí an-mhaithe againn, agus an fhoireann baile, an Ghaeltacht, mar bhuaiteoirí sa chluiche ceannais sinsir. Bhí *Molscéal* i láthair go láidir ann freisin agus, rinne muid clúdach beo don chéad uair ar chomórtas An Cailín Gaelach ar líne. Bhí figiúirí maithe féachana ag an gComórtas Peile i mbliana idir chluichí beo agus míreanna ar líne agus sna meáin shóisialta. Maidir le sacar, don chéad uair riamh, tháinig RTÉ agus TG4 le chéile chun clúdach cuimsitheach a dhéanamh ar Chorn an Domhain i Sacar na mBan. Bhí an *Tour de France* ar ais ar na scáileáin freisin agus don chéad uair thaispeáin muid *La Course*, Rás na mBan le linn an Tour. Bhí séasúr eile den scoth i bPeil na mBan ar TG4. Bhí méadú an-mhór ar an lucht féachana do na cluichí leathcheannais agus don chluiche ceannais agus bhí curiarracht eile ag an LGFA le slua de os cionn 56,000 ag an gcluiche ceannais.



***Síolscéalta*** léirithe ag Saoi Media



***Underdogs*** léirithe ag Adare Productions

Bhí deireadh thar a bheith cumhachtach ag an sraith drámaíochta, *Ros na Rún* (Eo Teilifís/Tyrone Productions), agus tháinig moladh mór chugainn ón lucht féachana mar gheall ar ár sobalchlár i mbliana, ag moladh scríbhneoir-eacht agus aisteoireacht na sraithe.

Ó thaobh an cheoil thraidisiúnta de, bhí muid thar a bheith sásta le craoladh *Fleadh Cheoil na hÉireann* (Gifted Empire) agus an-éileamh ag an lucht féachana ar an tseirbhís iomlán craoltóireachta a mhair ceithre oíche.

Bhí mé an-sásta le caighdeán na gclár a bhí againn sa phríomham san Fhómhar, leithéid *Finné* (Tua Films), *Uchtú* (Tyrone Productions) le Evanne Ní Chuilinn agus an tsraith nua spleodrach ag Hector, *Ó Chósta go Cósta* (Domhain Media). Rinne *Ceol Chogadh na Saoirse* (Imagine Media) agus *Opry le Daniel* (Big Mountain) an-mhaith dúinn. Ba chomhléiriú é *Máthair Trump* idir TG4 agus BBC ALBA, cuid den comhoibriú atá ar bun againn faoi láthair tríd an Celtic International Fund. Cé nár bhuaigh muid an comórtas, bhí amhrán na hÉireann go hálainn ag Anna Kearney sa *Junior Eurovision* (Adare Productions). Ar ndóigh bhí an-tóir ar chláracha faisnéise TG4 ag an Nollaig, go háirithe *Phil Coulter – mo Shaol* (Power Pictures), *Fear darb ainm Harris* (Dearg Films), *Toraigh: Creig Bheag i lár na Farraige* (Dearcán Media), *Ar thóir na Crown Jewels* (MagaMedia), *Dev i Meiriceá* (Forefront Productions) agus *Seó Man Niall Tóibín* (New Decade).

Mar chuid den Chiste Idirnáisiúnta Ceilteach bhí cruinnithe rialta coimisiúnaithe idir TG4, ILBF, S4C agus BBC Alba. Freisin chuaigh muid i bpáirt le chéile ag iarraidh maoiniú a fháil ón YAC Fund (Young Audience Content) a d'fhógair an DCMS (Department of Culture, Media & Sport) sa Ríocht Aontaithe.

Ag Film Fleadh na Gaillimhe bhí TG4 le feiceáil go láidir ann. Mar bhuaicphointí TG4 ag an bhféile i mbliana, bhí an première domhanda de *Finky* (Abú Media), an chéad



***Is Eolaí Mé*** léirithe ag Meangadh Fibín



Máire Treasa Ní Dhubhghaill, ***Rugbaí Beo***

scannán ón scéim Cine4 agus *Cumar* (MagaMedia), scannán ealaíne faoi Ghaillimh atá mar chuid den scéim ealaíne, 'ilDána' i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíne. Fuair *Finky* an duais don cineamatagrafaíocht is fearr ag an Film Fleadh. Bhí an teach lán do *Cumar* i nGaillimh agus, i Londain, bhuaigh *Cumar* an Best Documentary Award ag an Irish Film Festival. Bhí an chéad dá scannán de chuid Cine4, *Finky* agus *Arracht* (Macalla), roghnaithe don Fhéile Scannán Black Nights i Tallinn san Eastóin, agus is ann a fuair *Arracht* a chéad léiriú poiblí. Scríobhadh léirmheasanna an-mholtach faoin dá scannán.

**An Pobal agus Oideachas**

Mar chuid de straitéis 'TG4 Gach Áit', bhí sé i gceist againn a bheith amuigh i measc an phobail chomh minic agus is féidir agus i 2019 tharla go leor imeachtaí poiblí ó thús go deireadh na bliana. I Mí Eanáir seoladh *Bádóirí* (Aniar) i dTigh Sé ar an gCeathrú Rua agus bhí slua an-mhór ann agus sa chlubtheach ag CLG Chill Mochuda sheol Evanne Ní Chuilinn *Ár gClub* (Aniar). I Mí Feabhra seoladh *Jump Girls* (Touchline Media) san Irish Film Institute agus sa mhí chéanna, sheol John Horan, Uachtarán an CLG, an tsraith nua de *Laochra Gael* (Nemeton).

Bhí TG4 ag an bhFéile, *Body & Soul* arís i mbliana agus bhí Tob-Chartlann (Pop Up Archive) TG4 ag Scoil Samhraidh Willie Clancy áit a raibh TG4 agus an ITMA (Irish Traditional Music Archive) ar fáil le míniú céard atá ar fáil againn sa chartlann ar líne ach go háirithe Cartlann Ghradaim Ceoil TG4. Bhí Cúla4 páirteach i Babóró, Féile Ealaíona na bPáistí, agus bhí taispeántas poiblí den sraith, *Is Mise* (Meangadh Fíbín). Ag deireadh Dheireadh Fómhair bhí an cluiche Underdogs v Maigh Eo i bPáirc Mhic Éil agus slua an-mhór i láthair. Ag Oireachtas na Samhna bhí taispeántas speisialta de *Toraigh: Creig Bheag i Lár na Farraige* (Dearcán Media) agus, ar ndóigh, bhí Cóisir Cúla4 ann agus freastal iontach air.

Chuaigh ár suíomh, TG4 Foghlaim, ag obair i gcomhpháirt le COGG agus le an CLG agus cuireadh ar fáil 'Dúchas', treoirleabhar nua don Ghaeilge sa tsraith Sóisearach agus leagan Gaeilge den chlár 'Future Leaders Transition Year Programme'. I Mí na Samhna, i gcomhpháirt leis an BAI agus RTÉ, seoladh áis do ranganna staire bunaithe ar shraith TG4, *Éirí Amach Amú/Wrecking the Rising* (Tile Films).

Mar chlabhsúr ar 2019 agus tús le 2020 bhí *Fáilte 2020* (Aniar), clár oíche chinn bhliana TG4, ócáid a thugann deis dúinn dul i bhfeidhm ar phobal na Gaeltachta le seó beo agus le lucht féachana áitiúil páirteach ann. I mbliana, bhí an seó i dTigh Pheacocke, ag crosbhóthar an Mháma, agus tháinig slua bríomhar chugainn aniar as Sraith Salach, aduaidh as Dúiche



***Gradam Ceoil TG4*** léirithe ag Bróga Dearga





***Ros na Rún*** léirithe ag Eo Teilifís & Tyrone Productions

Sheoigheach agus aneas as Ros Muc, Camus agus áiteanna eile i ndeisceart Chonamara. Bhí an-chlár agus an-oíche ann agus bhí an slua thar a bheith sásta go raibh TG4 tagtha go dtí a gceantar Gaeltachta féin.

Mar a luaigh mé, sheol an tAire Richard Bruton an Scéim Forbartha Oiliúna i Mí Iúil a reáchtáil TG4 i gcomhpháirt le Údarás na Gaeltachta. Roghnaíodh 10 gcomhlacht léiriúcháin agus réimsí scile idir Eagarthóirí, Stiúrthóirí, Léiritheoirí Cúnta agus Oibreoirí OB le Gaeilge le forbairt le linn na bliana. Bhí tacaíocht oiliúna ar fáil do na rannpháirtithe i gcomhpháirt le GMIT, le Screenskills Ireland agus le Gréasán na Meán.

**Athruithe ar TG4**

Cuireadh go leor athruithe i bhfeidhm i TG4 ar struchtúr na foirne i gcaitheamh 2019. Tar éis beagnach fiche bliain i gceannas ar Airgeadas TG4, chuaigh Mary Uí Chadhain ar scor óna post agus, mar a dúirt mé i mo thuairisc anuraidh, tá TG4 go mór faoi chomaoin ag Mary mar gheall ar gach a rinne sí don chomhlacht seo. Fógraíodh dhá phost ard-bhainistíochta chun an spás a d'fhág sí ina diaidh a líonadh. Roghnaíodh Emer Ní Ghabhnáin mar Stiúrthóir Airgeadais agus Riaracháin (agus Rúnaí Comhlachta TG4) agus roghnaíodh Trevor Ó Clochartaigh mar Stiúrthóir Oibríochtaí agus Acmhainní Daonna. Freisin, leathnaigh ról Lís Ní Dhálaigh amach go dtí 'Stiúrthóir Forbartha, Margaíochta agus Comhpháirtíochtaí' agus ceannas aici ar na ceangail a láidriú idir TG4 agus páirtithe leasmhara seachtracha.

Chuir Emer, Trevor agus Lís roinnt mhór athruithe ar a bhfoirne féin. Bunaíodh 'Mol Cruthaitheach' a thugann le chéile na heagarthóirí, lucht meán sóisialta, treoraithe ábhair agus grafaicí mar aon ghrúpa amháin. Freisin, d'iarr mé ar an ard-bhainistíocht ar fad tosú ar scrúdú ar shruthanna iomlána oibre TG4, féachaint le huasdátú, feabhas agus forbairt a dhéanamh ar chórais oibre na heagraíochta. Leanfar leis an scrúdú tábhachtach seo i 2020.

**Buíochas**

Ba mhaith liom, thar ceann TG4, buíochas a ghabháil le cuid mhór daoine agus eagraíochtaí éagsúla. Is mian liom, ar an gcéad dul síos, buíochas a ghlacadh leis an Aire Richard Bruton T.D. agus buíochas faoi leith a ghabháil leis an Ard-Rúnaí Mark Griffin, as a thacaíocht. Tá muid buíoch as an maoiniú breise a fuair muid agus ag tnúth le hoibriú in éineacht leis féin agus le hoifigigh eile na Roinne i rith na bliana seo chugainn.

Tá mé buíoch de chomhaltaí Bhord TG4 agus go háirithe den Chathaoirleach, Siún Ní Raghallaigh, as a gcuid dúthrachta agus díograise go leanúnach ag obair ar son TG4. Ba é 2019 an dara bliain den straitéis nua agus is ábhar misnigh don Bhord, cé nár baineadh amach an maoin a theastaigh, go raibh muid ar an 6ú cainéal is mó féachana in Éirinn don chéad uair i stair TG4.

Tá mé buíoch freisin d'Údarás Craolacháin na hÉireann, d'Fhís Éireann, de Chiste Craoltóireachta na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, de RTÉ agus d'earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Tá buíochas ag dul chomh maith do gach eagraíocht cultúir, Gaeilge agus eagraíochtaí spóirt mar an LGFA, an CLG agus an PRO14 a bhfuil muid i gcomhpháirtíocht leo.

Ba mhaith liom féin go pearsanta buíochas ó chroí a chur in iúl do mo chuid comhghleacaithe anseo i TG4. Cuireadh i bhfeidhm athruithe móra struchtúir sa bhfoireann agus an straitéis nua á chur i bhfeidhm. Agus, mar mheitheal, léirigh siad go raibh siad sásta glacadh le fonn leis na hathruithe seo chun feabhais. Ba mhaith liom mo bhuíochais a ghlacadh leo agus an dua a chaitheann siad leis an obair a thréaslú leo. Ní neart go cur le chéile.



**Alan Esslemont**
***Ard-Stiúrthóir TG4***
19 Bealtaine 2020

# Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

***Cúrsaí Rialachais***

Cuireadh Bord TG4 ar bun faoin Acht Craolacháin 2001. Leagtar feidhmeanna an Bhoird amach in alt 87 den Acht Craolacháin 2009. Tugann an Bord cuntas don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Táthar freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus déantar sin trí aidhmeanna agus spriocanna straitéise a leagan síos agus cinntí straitéise maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad a dhéanamh. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as TG4 a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don mheitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlan ag gach comhalta den Bhord ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar cheangal díreach caidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta TG4.

***Freagrachtaí an Bhoird***

Leagtar obair agus freagracht an Bhoird amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird ina luaitear chomh maith na nithe sin ar leis an mBord amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhuithe maidir le leas,
- tuairiscí ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Tá ceangailte ar Bhord TG4 faoi Alt 109 den Acht Craolacháin 2009 cuntas cuí cothrom a choinneáil, i bhfoirm a aontaíonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an airgead ar fad a fhaightear agus a chaitear.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord TG4:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta comhleanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnótha leantaigh ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord ag feidhmiú,
- a lua cibé an ndearnadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha óna dhéanamh sin.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ónar léir, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, staid airgeadais an ghnóthais agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin TG4 agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a aontú. Rinneadh athbhreithniú maidir le feidhmíocht TG4 i gcomórtas leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad ar an 20 Aibreán 2020.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní a choimirciú agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil léargas cruinn cothrom ó ráitis airgeadais TG4 ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais TG4 amhail an 31 Nollaig 2019.

***Struchtúr an Bhoird***

Cathaoirleach, an tArdstiúrthóir (mar chomhalta de bhrí oifige) agus 10 ngnáthchomhalta atá ar an mBord, iad ar fad arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. Rinneadh comhaltaí an Bhoird a cheapadh go ceann téarma cúig bliana agus bíonn cruinnithe acu go tráthrialta. Leagtar amach sa tábla thíos mioneolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta arna Cheapadh |
|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | Príomhfheidhmeannach | 14/10/2016 |
| Siún Ní Raghallaigh | Cathaoirleach | Athcheapadh 17/04/17 |
| Des Geraghty | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/17 |
| Mairéad Ní Cheóinín | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/17 |
| Micheál Seoighe | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/17 |
| Michelle Ní Chróinín | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 17/04/17 |
| Diarmuid Ó Ruiséal | Gnáthchomhalta | 03/03/2015 |
| Bríd Ní Fhachtna | Gnáthchomhalta | 22/07/2015 |
| Frank Reidy | Gnáthchomhalta | 29/09/2015 |
| Mairéad Ní Nuadháin | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |
| Siobhán Ní Ghadhra | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |
| Darach Ó Tuairisg | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |

Chuir an Bord tús i mí na Nollag 2018 le hAthbhreithniú agus Measúnóireacht ar Éifeachtúlacht an Bhoird a tugadh chun críche i Meitheamh 2019. Meastar go gcríochnófar athbhreithniú do 2019 i Meitheamh 2020



**Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais**

Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2019 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta

| | An Bord | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Coiste Luach Saothair | Táillí 2019 €'000 | Costais 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | **7** | **4** | **1** | | |
| Alan Esslemont | 7 | - | - | - | - |
| Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach) | 7 | - | 1 | 21,683 | - |
| Des Geraghty | 7 | - | 1 | 12,648 | 2,849 |
| Mairéad Ní Cheóinín | 5 | - | - | 12,648 | 1,201 |
| Micheál Seoighe | 6 | - | 1 | 12,648 | 505 |
| Michelle Ní Chróinín | 6 | - | - | - | 1,541 |
| Diarmuid Ó Ruiséal | 7 | - | - | 12,648 | 665 |
| Bríd Ní Fhachtna | 7 | 4 | - | 12,648 | 5,493 |
| Frank Reidy | 5 | 4 | - | 12,648 | 552 |
| Mairéad Ní Nuadháin | 7 | 4 | - | 12,648 | 3,013 |
| Siobhán Ní Ghadhra | 7 | - | - | 12,648 | 340 |
| Darach Ó Tuairisg | 7 | - | - | 12,648 | 1,192 |
| Ilchaiteachais | | | | | 6,148 |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí chuig an mBord) | | | | - | |
| Mary Uí Chadhain (Rúnaí na Cuideachta – éirithe as 04.10.2019) | | | | | |
| Emer Ní Ghabhnáin (Rúnaí na Cuideachta – ceaptha 05.10.2019) | | | | | |
| | | | | **135,515** | **23,499** |

Bhí aon chomhalta amháin den bhord, Michelle Ní Chróinín, nach bhfuair táille Boird de réir phrionsabail an Aon Tuarastail Amháin don Aon Duine Amháin.

Tá dhá choiste curtha ar bun ag an mBord mar seo a leanas:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Is é ról atá leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh a thabhairt i ndáil leis na cúraimí a leagtar ar an mBord maidir le hábhar riosca, cúrsaí rialála agus rialachais agus dearbhú ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iniúchóireachta san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord ar gach cruinniú de chuid an Choiste chomh maith le tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid i scríbhinn. Is iad atá ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach), Frank Reidy agus Mairéad Ní Nuadháin. Tionóladh 4 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2019.

2. **An Coiste Luach Saothair:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach), Des Geraghty agus Micheál Seoighe. Tionóladh 1 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2019.

**Na Príomhathruithe Pearsanra**

Níor tharla aon athrú ar chomhaltaí an Bhoird le linn 2019. D'éirigh Mary Uí Chadhain, Stiúrthóir Airgeadais agus Rúnaí an Chuideachta, as i mí Deiridh Fómhair 2019. I mí Bealtaine 2019, ceapadh Trevor Ó Clochartaigh mar Stiúr-thóir Oibreachtaí agus Acmhainní Daonna agus i mí Lúnasa 2019, ceapadh Emer Ní Ghabhnáin mar Stiúrthóir Airgead-ais agus Rúnaí an Chuideachta. Níor tháinig aon athrú eile ar an mbainistíocht shinsearach in 2019.

**Nochtadh atá dlite faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn TG4 lena n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear nochtadh mar seo a leanas a dhéanamh faoin gCód sin:

***Costas Comhairleoireachta***

Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáthdhéanamh an ghnó san áireamh.

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 9,697 | 1,848 |
| Comhairle airgeadais | 23,015 | 49,379 |
| Gnóthaí margaíochta | 118,847 | 141,961 |
| Acmhainní Daonna/Pinsin | 26,245 | 21,352 |
| Forbairt gnó | 44,236 | 43,827 |
| Eile | 12,363 | 39,447 |
| **Iomlán an chostais comhairleoireachta** | **234,403** | **297,814** |
| Costas comhairleoireachta arna chaipitliú | – | – |
| Costas comhairleoireachta a luaitear de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 234,403 | 297,814 |
| **Iomlán** | **234,403** | **297,814** |

***Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil***

Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a rangú mar seo a leanas:

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| In Éirinn: | | |
| An Bord | 14,866 | 15,687 |
| An Fhoireann | 86,784 | 87,680 |
| Thar lear: | | |
| An Bord | 2,485 | 2,810 |
| An Fhoireann | 107,160 | 102,430 |
| **Iomlán** | **211,295** | **208,607** |

***Caiteachas Fáilteachas***
Luaitear caiteachas fáilteachas mar seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 48,882 | 48,731 |
| Fáilteachas cliaint | 7,122 | 19,703 |
| **Iomlán** | **56,004** | **68,434** |

***Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais***
Chomhlíon TG4 na coinníollacha uile maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin na cásanna eisceachta seo a leanas:

Ní dhéanann TG4 sonraí faoi shochair ghearrthéarmacha fhostaithe is mó ná €60,000 a nochtadh de réir bhandaí €10,000 sa tuarascáil bhliantúil mar a d'éileofaí a dhéanamh faoin gCód Cleachtais mar gheall ar íogaire an eolais sin ó thaobh cúrsaí tráchtála. Tá an cás eisceachta sin maidir leis an gCód aontaithe leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus déanfar a nochtadh i dTuarascáil an Chathaoirligh leis an Aire.



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach
19 Bealtaine 2020



# Athbhreithniú Airgeadais 2019

**Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais**
Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2019 i dtéarmaí a príomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, príomhspreagthóirí costais an chainéil, agus a fócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid freisin san athbhreithniú idir feidhmíocht TG4 in 2019 agus in 2018 faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht
4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge

**1. Ioncam**
Mar is léir ó **Thábla 1** thíos, b'ionann an t-ioncam iomlán (maoiniú reatha státchiste agus ioncam tráchtála) in 2019 agus €38.56m (2018: €38.86m). I gcomórtas leis an mbliain roimhe sin, tháinig laghdú 0.8% ar ioncam TG4. B'ionann maoiniú reatha státchiste agus €34.23m (2018: €33.79m) den ioncam sin agus b'ionann é agus 88.8% (2018: 87%) d'ioncam iomlán TG4, leis an ioncam tráchtála ag léiriú 11.2% in 2019 ag €4.32m (2018: €4.08m). Bhí deontas breise €985,000 ann in 2018.

Mhéadaigh an t-ioncam tráchtála 5.9%. Is feidhmíocht fhónta é sin i margadh an-iomaíoch fógraíochta agus fógraíochta teilifíse in Éirinn.

Tábla 1: **Ioncam TG4 2019**

| Cur síos | 2019 €'000 | 2019 % | 2018 €'000 | 2018 % |
|---|---|---|---|---|
| Deontas i gCabhair | 34,233 | 88.8% | 33,790 | 87% |
| Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht) | 2,893 | 7.5% | 2,763 | 7.1% |
| Tráchtáil eile | 1,431 | 3.7% | 1,320 | 3.4% |
| Deontas speisialta cláir | 0 | 0.0% | 985 | 2.5% |
| **Teacht Isteach Iomlán** | **38,557** | **100%** | **38,858** | **100%** |

**2. Caiteachas Oibriúcháin**
I dtéarmaí an chaiteachais oibriúcháin bhliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibriúcháin atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistíocht costas chun luach ar airgead a chinntiú i ngach gníomhaíocht. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán agus €38.0m in 2019, laghdú 1.24% ar an €38.5m a caitheadh in 2018. Féach **Tábla 2** thíos.

Tábla 2:
**Caiteachas Oibriúcháin TG4 2019 i gcomparáid le 2018**

| Cur síos | €'000 2019 | €'000 2018 | % Athrú idir 2019 & 2018 |
|---|---|---|---|
| Costas na nDíolachán | 1,073 | 980 | 9.5% |
| Costais Foirne | 5,445 | 5,372 | 1.4% |
| Caiteachas Clár | 25,705 | 26,510 | -3.0% |
| Caiteachas Eile (Forchostais, Tarchur agus costais Mhargaíochta san áireamh) | 5,780 | 5,617 | 2.9% |
| **Caiteachas Oibriúcháin Iomlán** | **38,003** | **38,479** | **-1.24%** |

**3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht**
Lean TG4 ag feidhmiú go héifeachtúil, go héifeachtach ó thaobh costas de agus go stuama in 2019. Baineadh coigilteas amach i réimse leathan ionaid costas agus baineadh tuilleadh leasa as acmhainní inmheánacha chun ábhar a chur ar fáil ar rátaí i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

**4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2019**
Mar a léirítear ina gealltanais don bhliain, bhí TG4 tiomanta 70% ar a laghad dá mhaoiniú reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú. Mar a léirítear i dTábla 3 thíos, 77% den mhaoiniú Státchiste ab ea an caiteachas iarbhír. Caitheadh an 22% eile den mhaoiniú Státchiste in 2019 ar tharchur, craoladh agus cur chun cinn an sceidil agus ar fhorchostais ghinearálta.

Tábla 3: **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge**

| Cur síos | 2019 €'000 | 2019 % | 2018 €'000 | 2018 % |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú reatha Státchiste & deontas do Bhliain na Gaeilge a fuarthas sa bhliain (fuarthas in 2019) | 34,233 | 100% | 34,775 | 100% |
| *Cláir Ghaeilge a ceannaíodh: | | | | |
| Coimisiúnaithe | 21,063 | 61.5% | 21,971 | 63% |
| Faighte/dubáilte/fotheidealaithe | 3,290 | 9.6% | 3,101 | 9% |
| Costais na foirne léiriúcháin (tuarastail san áireamh) | 1,952 | 5.7% | 1,800 | 5% |
| **Costais Iomlána Léiriúcháin Ábhar Gaeilge** | **26,305** | **77%** | **26,872** | **77%** |

**Is é seo an caiteachas iarbhír a tabhaíodh ar na costais seo in 2019.*

# Ráitis Airgeadais

## Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird | 27 |
| Ráiteas um Rialú Inmheánach | 28 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais | 29 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 31 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 32 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid | 33 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 34-42 |


# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019**

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

19 Bealtaine 2020

# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas um Rialú Inmheánach

**Scóp Freagrachtaí**

Admhaím, thar ceann TG4, freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil maidir leis an rialáil inmheánach ar bun agus á chur i bhfeidhm. Tagann san áireamh leis an bhfreagracht sin gach a n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**An Chuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach**

Tá leagtha amach go ndéanfaí bainistíocht i ndáil le hábhar baoil leis an gcóras rialála inmheánach a d'fhágfadh an baol ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun ag TG4 i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

**Ábaltacht Riosca a láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag TG4 a bhfuil triúr de chomhaltaí an Bhoird a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tá duine den triúr ina Cathaoirleach. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste sin i rith na bliana 2019.

Tá feidhm maidir le hiniúchóireacht inmheánach curtha ar bun freisin ag TG4 agus acmhainní leordhóthanacha á gcur ina leith ionas go ndéantar clár oibre a aontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí maidir leis an mbainistíocht ar ábhar baoil curtha le chéile ag an gCoiste ina leagtar amach an oiread baoil a bhfuiltear sásta dul ann, na próisis bainistíochta maidir le réimsí baoil atá curtha ar bun agus mioneolas faoin ról atá le baill éagsúla foirne maidir le hábhar baoil agus an fhreagracht atá orthu ina leith. Cuireadh an polasaí sin ar fáil don uile dhuine den fhoireann a n-éilítear orthu oibriú de réir pholasaithe bainistíochta TG4 i ndáil le hábhar baoil d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi réimsí baoil a bheadh ag teacht chun cinn agus faoi aon easnamh maidir le bearta rialála agus ionas go nglacfaidís cúram maidir leis an ábhar baoil agus na bearta rialála a bhaineann lena réimse oibre féin.

**Creatlach Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag TG4 lena dtugtar chun aire na príomhréimsí baoil ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an baol a mhaolú.

Tá clár réimsí baoil curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí baoil atá roimh TG4 agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir a thormchúisí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú agus leasú bliantúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnóireachta sin ar mhaithe le pleanáil agus chun acmhainní a leithroinnt sa chaoi is go gcinntítear bainistíocht á déanamh i ndáil le réimsí baoil ionas go bhfágtar an baol ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár réimsí baoil ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar baoil a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis gnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,
- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nós imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí baoil agus na bearta rialála ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbeart rialála sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire,
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann daoine sinsearacha den lucht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta chomh maith le hathbhreithniú ceann bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na beartaíochta i gcomórtas le buiséid/réamh-mheastacháin.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 ionas go gcinntítear go mbítear ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le cúrsaí soláthair agus gur chloígh TG4 leis an nós imeachta sin i rith na bliana 2019.

**Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bainistíocht agus rialáil i ndáil le hábhar baoil. Tagann monatóireacht agus breithneoireacht TG4 ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus Ábhar Baoil a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce dhaoine sinsearacha den lucht bainistíochta taobh istigh de TG4 atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach a thabhairt chun cinn agus a choinneáil sa siúl.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil maidir leis an éifeachtúlacht a ghabh leis na bearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2019 ar an 16 Nollaig 2019.

**Bearta Rialála Inmheánacha**

Níor tugadh aon easnamh maidir leis na bearta rialála inmheánacha chun suntais i ndáil leis an mbliain 2019 a mbeadh nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais de dhíth.

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

19 Bealtaine 2020



# Ráitis Airgeadais

**Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais**

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Teilifís na Gaeilge

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2019 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA)102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

***An bonn atá leis an tuairim***

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnaisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar Theilifís na Gaeilge agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta.*

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile**

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Teilifís na Gaeilge in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, an ráiteas faoi chúrsaí rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**26 Bealtaine 2020**

# Financial Statements

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019**

### Aguisín don tuarascáil

#### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtar amach sa ráiteas faoi chursaí rialachas agus tuarascáil comhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Bhoird. Tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaois a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.
- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

#### Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m’iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m’iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.



# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

**Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019**

| | Nótaí | 2019 €’000 | 2018 €’000 |
|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | | | |
| Ioncam tráchtála | 3 | 4,324 | 4,083 |
| Costas díolacháin | 3 | (1,073) | ( 980) |
| **Glan Díolacháin** | | 3,251 | 3,103 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 4 | 5,445 | 5,372 |
| Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird | 5 | 159 | 158 |
| Caiteachas clár | 6 | 25,705 | 26,510 |
| Costais tarchuir | | 1,486 | 1,598 |
| Margaíocht agus taighde | 7 | 1,846 | 1,672 |
| Forchostais | 8 | 2,448 | 2,347 |
| Dímheas | 9 | 2,378 | 2,371 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 39,467 | 40,028 |
| **Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain** | | (36,216) | ( 36,925) |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (0) | (3) |
| | | (36,216) | ( 36,928) |
| Cistíocht stáit | 13 | 36,205 | 36,907 |
| **Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | | (11) | (21) |
| Cánachas | 14 | **(2)** | **4** |
| **Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain airgeadais** | | **(13)** | **(17)** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Siún Ní Raghallaigh**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

19 Bealtaine 2020

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019**

| | Nótaí | €'000 | 2019 €'000 | €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 9 | | 6,959 | | 7,321 |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | 11 | | 1,970 | | 1,914 |
| | | | 8,929 | | 9,235 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 15 | 2,514 | | 3,040 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 16 | 310 | | 19 | |
| Réamhíocaíochtaí Cláir | 17 | 3,385 | | 2,865 | |
| | | 6,209 | | 5,924 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Iníocaíochtaí | 18 | (3,288) | | ( 3,563) | |
| **Glan dliteanais Reatha** | | | 2,921 | | 2,361 |
| **Glan Sócmhainní** | | | **11,850** | | **11,596** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Deontais chaipitil | 10 | | 6,896 | | 7,205 |
| Deontais reatha iarchurtha | 12 | | 5,355 | | 4,779 |
| Cúlchistí ioncaim | 19 | | (401) | | ( 388) |
| | | | **11,850** | | **11,596** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30.**

Ní raibh aon brabús ná caillteanas sa bhliain seachas mar a tuairiscíodh ins an I&C.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Siún Ní Raghallaigh**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

19 Bealtaine 2020



# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019**

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí | | (11) | (21) |
| Dímheas | | 2,378 | 2,371 |
| Amúchadh ar chostais clár | | 23,343 | 24,532 |
| Amúchadh ar dheontais rialtais | | (2,309) | ( 2,317) |
| Amúchadh ar dheontais leithroinnte do chostais clár | | (23,343) | ( 24,532) |
| (Ardú)/Laghdú ar Infháltais | | 526 | (723) |
| (Ardú)/Laghdú ar Réamhíocaíochtaí Cláir | | (520) | 254 |
| Ardú/(Laghdú) in Iníocaíochtaí | | (275) | 602 |
| Cánachas Íoctha | | (2) | 4 |
| Ús faighte | | – | – |
| **Airgead tirim ó oibriúcháin** | | **(213)** | **170** |
| Ús a íocadh | | – | – |
| **Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí** | | **(213)** | **170** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimsithe a ceannaíodh | 9 | (2,016) | ( 2,074) |
| Cláir coimisiúnaithe agus cláir a ceannaíodh | 11 | (23,399) | ( 24,971) |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (0) | 3 |
| Deontais caipitil Stáit | 13 | 2,000 | 2,000 |
| Deontais a fuarthas agus leithroinnte do shócmhainní cláir | | 23,919 | 24,717 |
| **Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **504** | **( 325)** |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim** | **20** | **291** | **(155)** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Siún Ní Raghallaigh**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

19 Bealtaine 2020

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

a) **Bunú Theilifís na Gaeilge**

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

b) **Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) **Bunús an réamh-mheasa agus breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, slánaithe go dtí an míle is gaire (€000), arb é airgeadra feidhmiúil Teilifís na Gaeilge é.

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana.

Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

d) **Aithint Ioncaim**

*Ioncam tráchtála:*

Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhálacha. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Tagann díolacháin as idirbhearta babhtála chun cinn nuair a dhéantar seirbhísí ama craolta a mhalartú ar sheirbhísí neamhionanna agus nuair a mheastar go bhfuil substaint tráchtála san idirbheart.

Tomhaistear idirbhearta den sórt seo ag luach cóir na seirbhísí a fhaightear, arna gcoigeartú de réir aon mhéideanna airgid agus coibhéisí airgid a aistrítear.

Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

e) **Caiteachas**

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil.

Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chláir agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála.

Déantar caiteachas ar chláir a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

f) **Deontais Stáit**

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail sonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaime an Údaráis a dhéantar maoiniú ar ghlan-chaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge.

Aithnítear deontais faoin modh fabhraithe. Déantar an chuid den deontas a bhaineann le Sócmhainní Seasta Doláimhsithe – Clár Caipitilithe agus Réamhíocaíochtaí Cláir a iarchuir agus aithint san Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a amúchta na speansais.

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus deontais a fhaightear ó am go chéile do thionscadail shonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaim an Údaráis a dhéantar maoiniú ar chaiteachas caipitil. Déantar amúchadh ar na deontais sin ar an mbonn céanna le dímheas a dhéanamh ar luach na sócmhainní bainteacha.



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

g) **Sócmhainní seasta inláimhsithe**

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagaithe.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

| | % |
|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 2.5 |
| Trealamh | 20 |
| Fearais agus Feistis | 10 |
| Gléasanna Móibíleacha | 33 |

Déantar costais forbartha bogearraí, lena n-áirítear pá, costais bhogearraí ar mhórchórais chun ábhar a scaipeadh, tairsí, aipeanna fóin agus araile a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas trealaimh gaolmhar ón dáta a gcuirtear i bhfeidhm iad nó thar shaolré úsáideach ionchais na gcostas caipitlithe. Bíonn na rátaí sin idir 33% agus 100%.

h) **Sócmhainní airgeadais — infheistíocht i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited**

Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a infheistíochta in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais (féach nóta 24). Folaíonn Sócmhainní Seasta suim €1 i leith a hinfheistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin. Bunaíodh an chuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsmhar agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam, chostais nó aon tiomántais i leith an chomhfhiontair sin.

i) **Cánachas**

Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama agus an méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Ní lascainítear cáin iarchurtha.

j) **Airgeadra coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus déantar aon gnóthachain nó aon chaillteanais dá bharr sin a chur san áireamh sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

k) **Pinsin**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó chuid an chomhlachta.

Déantar ranníocaíochtaí bliantúla chuig an scéim sin a chur chun dochair sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

l) **Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

Déantar na costais a bhaineann le Cláir Choimisiúnaithe agus na costais a bhaineann le Cláir Ceannacháin a chaipitliú mar shócmhainní seasta doláimhsithe sna ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist le Cláir Choimisiúnaithe ná cláir atá coimisiúnaithe ag Teilifís na Gaeilge ó léiritheoirí neamhspleácha agus tá siad bunaithe ar phraghas iomlán an chonartha.

Déantar costas an Chláir Choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Choimisiúnaithe Ardluacha: | 70% sa bhliain ar craoltar ar dtús é<br>20% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús<br>10% sa dara bliain i ndiaidh na bliana ar craoladh ar dtús é |
| Cláir choimisiúnaithe eile agus cláir spóirt atá beo: | 100% sa bhliain ina bhfuil na cearta nó ina ndéantar na himeachtaí spóirt a chraoladh ar dtús. |

Is éard is cláir faighte ann ná cláir a cheannaigh Teilifís na Gaeilge ó stiúideónna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Déantar iad sin a chur chun dochair sa ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Faighte: | 90% sa bhliain a chraoltar ar dtús é<br>10% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús |

Ní dhéantar cláir Choimisiúnaithe & Faighte a chaipitliú go dtí go mbeidh an clár ar fáil lena chraoladh.

m) **Réamhíocaíochtaí Cláir**

Déantar aon suimeanna a íoctar sula mbeidh clár ar fáil lena chraoladh a aithint mar réamhíocaíochtaí.

n) **Breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

**Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:** Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha lagú a mheas déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle ina bhfuil sreabhadh airgid inaitheanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha:** Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**Neamhchosaint ar Airgeadra Coigríche:** Téann Teilifís na Gaeilge i mbun socruithe conartha chun soláthróirí a íoc in airgeadra nach é airgeadra an euro é. Coinníonn Teilifís na Gaeilge cuntas ar na hidirbheartaíochtaí seo de ghnáth de réir na rátaí airgeadra infheidhme ar dháta na híocaíochta. Téitear i mbun réamhchonarthaí mar chosaint ar luaineachtaí airgeadra. Bíonn na cúiseanna a rachfar i mbun conarthaí dá leithéid bunaithe ar na meastacháin is fearr ar rátaí malairte amach anseo agus ar chomhairle ghairmiúil a fháil.

**Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:** Mar atá leagtha amach i mbeartas L déanann Teilifís na Gaeilge costas an chláir choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar an chlár. Tá meastacháin den sórt sin bunaithe ar na meastacháin is fearr ón mbainistíocht.

2. **Príomhghníomhaíocht**

Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

3. **Glandíolacháin**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam Tráchtála** | | |
| Díolachán am craolta agus urraíocht | 2,893 | 2,763 |
| Muirear amach saoráidí | 586 | 581 |
| Ioncam ilghnéitheach | 845 | 739 |
| | 4,324 | 4,083 |
| **Costas Díolacháin** | | |
| Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta | 782 | 691 |
| Costais dhíreacha | 291 | 289 |
| | 1,073 | 980 |
| Glandíolacháin | 3,251 | 3,103 |

4. **Costais Foirne**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Ba 92 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2018: 89). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta: | | |
| Pá agus tuarastail | 5,018 | 4,971 |
| Costais leasa shóisialaigh | 570 | 551 |
| Costais phinsin | 532 | 533 |
| Taisteal agus cothabháil | 194 | 190 |
| Oiliúint | 81 | 63 |
| Costais eile foirne | 62 | 63 |
| | 6,457 | 6,371 |
| Costais foirne caipitlithe | (852) | (999) |
| Costas foirne leithdháilte go dtí an tionscadal cartlainne | (160) | – |
| Iomlán na gcostas foirne | 5,445 | 5,372 |

Faoi Chiorclán 13/2014 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, éilítear an líon fostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaíochta (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe faoi gach banda de €10,000, ó €60,000 ar aghaidh a nochtadh, chomh maith le figiúr foriomlán de na ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóra. Mar aitheantas ar thionchair um chosaint sonraí nó rioscaí eile, ag glacadh san áireamh go bhfuil Teilifís na Gaeilge ag feidhmiú i dtimpeallacht tráchtála thar a bheith iomaíoch, agus le cead na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, déanfar na bandaí tuarastail a nochtadh i ráiteas bliantúil an Chathaoirligh chuig an Aire.

| **Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra – Alan Esslemont** | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Bunthuarastal | 140 | 140 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 21 | 21 |
| Sochair eile | – | – |
| | 161 | 161 |

Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim ranníocaíocht shainithe Teilifís na Gaeilge agus tugann Teilifís na Gaeilge 15.29% de thuarastal an Ard-Stiúrthóra don scéim ar a shon.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**5. Costais an Bhoird**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí chomhaltaí an Bhoird (Nóta 22) | 136 | 135 |
| Taisteal agus cothabháil agus speansais eile | 23 | 23 |
| | 159 | 158 |

Cúitítear costais cothabhála agus taistil le baill an bhoird. €2,095 an cháin atá iníoctha ag Teilifís na Gaeilge maidir le costais dá leithéid (2018: €2,378)

**6. Costais Clár**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir choimisiúnaithe cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 20,650 | 21,338 |
| Cláir ceannacháin cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 2,693 | 3,194 |
| Costais dubála agus costais eile | 2,362 | 1,978 |
| | 25,705 | 26,510 |

**7. Margaíocht agus Taighde**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus margaíocht | 1,657 | 1,460 |
| Tomhais agus taighde ar an lucht féachana | 188 | 212 |
| Speansais comhairle an lucht féachana | 1 | – |
| | 1,846 | 1,672 |

**8. Forchostais**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Speansais áitrimh agus trealaimh | 743 | 774 |
| Speansais ghairmiúla agus airgeadais | 428 | 432 |
| Tobhach tionscail íoctha | 650 | 609 |
| Speansais ghinearálta agus oifige | 627 | 532 |
| | 2,448 | 2,347 |

**9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh agus Gléasanna Móibíleacha | Fearais agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir 2019 | 8,576 | 9,445 | 515 | 18,536 |
| Breisithe | 16 | 1,882 | 118 | 2,016 |
| Diúscairt | (16) | (1,444) | (39) | (1,499) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **8,576** | **9,883** | **594** | **19,053** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2019 | 3,801 | 7,227 | 187 | 11,215 |
| Muirear don bhliain | 215 | 2,126 | 37 | 2,378 |
| Diúscairt | (16) | (1,444) | (39) | (1,499) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **4,000** | **7,909** | **185** | **12,094** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **4,576** | **1,974** | **409** | **6,959** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **4,775** | **2,218** | **328** | **7,321** |



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**10. Deontais Chaipitil**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil — faighte agus infhaighte** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 26,999 | 24,999 |
| Deontais a fuarthas le linn na bliana **(Nóta 13)** | 2,000 | 2,000 |
| Iarmhéid Deiridh | 28,999 | 26,999 |
| **Amúchadh** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 19,794 | 17,477 |
| Amúchta le linn na bliana | 2,309 | 2,317 |
| Iarmhéid Deiridh | 22,103 | 19,794 |
| **Glanluach leabhair — deontais chaipitil** | **6,896** | **7,205** |

Léiríonn deontais chaipitil an maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**11. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

| | Coimisiúnaithe Cláir | Ceannachán Cláir | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir 2019 | 63,798 | 7,973 | 71,771 |
| Breisithe | 20,734 | 2,665 | 23,399 |
| **Ar 31 Nollaig 2019** | **84,532** | **10,638** | **95,170** |
| **Amúchadh Carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2019 | 62,166 | 7,691 | 69,857 |
| Amúchta sa bhliain | 20,650 | 2,693 | 23,343 |
| **Ar 31 Nollaig 2019** | **82,816** | **10,384** | **93,200** |
| **Glanluach leabhair** | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2019** | **1,716** | **254** | **1,970** |
| **Ar 31 Nollaig 2018** | **1,632** | **282** | **1,914** |

**12. Deontais reatha iarchurtha**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais Iarchurtha amhail an 1 Eanáir** | 4,779 | 4,594 |
| Deontais reatha- faighte sa bhliain **(Nóta 13)** | 34,472 | 34,775 |
| Deontais a úsáideadh sa bhliain | (33,896) | ( 34,590) |
| **Deontais Iarchurtha amhail an 31 Nollaig** | 5,355 | 4,779 |

**13. Maoiniú Stáit**

Is ionann deontais ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus maoiniú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.

**Maoiniú stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas a úsáideadh sa bhliain **(Nóta 12)** | 33,896 | 34,590 |
| Deontas caipitil amúchta **(Nóta 10)** | 2,309 | 2,317 |
| | 36,205 | 36,907 |

| Ba é an leithroinnt iomlán don bhliain 2019 ná €36.472m a bhí comhdhéanta de: | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a fuarthas ón RCGAC i ndáil le caiteachas reatha (Vóta 29 - Fo-Cheannteideal B5) | 34,233 | 33,790 |
| Deontais a fuarthas ón BAI i ndáil le thionscadal cartlainne | 239 | – |
| Deontais a fuarthas i ndáil le caiteachas maidir le Bliain na Gaeilge | – | 985 |
| Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ón RCGAC (Vóta 29 - Fo-Cheannteideal B5) | 2,000 | 2,000 |
| Iomlán a Fuarthas | 36,472 | 36,775 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**14. Cáin ar Bharrachas ó Ghnáthghníomhaíochtaí**

(a) *Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain*

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Muirear cháin chorparáide don bhliain | – | – |
| Muirear cháin chorparáide don bhliain roimhe sin | 2 | – |
| Aisíoc ar an muirear Cánach Corparáide i mblianta roimhe sin | – | (4) |
| | 2 | (4) |

(b) *Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana*

Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | (11) | ( 21) |
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoi ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2018: 12.5%) | – | – |
| *Tionchair de:* | | |
| Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde | 8 | 8 |
| Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímheas | – | – |
| Leithdháileadh ar chaillteanais na bliana reatha | (8) | (8) |
| | – | – |

**15. Infháltais**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais | 1,406 | 2,121 |
| CBL inaisíoctha | 653 | 247 |
| Cáin corparáideach inaisíochta | 2 | – |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 453 | 672 |
| | 2,514 | 3,040 |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin

**16. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim ar láimh | 4 | 3 |
| Banc | 306 | 16 |
| | 310 | 19 |

**17. Réamhíocaíochtaí Cláir**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Coimisiúnaithe | 2,798 | 2,464 |
| Cláir a ceannaíodh | 587 | 401 |
| | 3,385 | 2,865 |

**18. Iníocaíochtaí — dlite laistigh de bhliain amháin**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha Trádála | 1,047 | 227 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 2,241 | 3,336 |
| Cáin corparáideach iníochta | – | – |
| | 3,288 | 3,563 |

**19. Cúlchistí**

| | Cúlchiste Ioncam €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | (388) | (388) |
| Easnamh don Bhliain | (13) | (13) |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2019 | (401) | (401) |

**20. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí**

| | Iarmhéid Tosaigh €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Iarmhéid Deiridh €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 3 | 1 | 4 |
| Taiscí ghearrthéarmacha | 16 | 290 | 306 |
| | 19 | 291 | 310 |



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**21. Pinsean**

D'fheidhmigh Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Maoinítear an scéim agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana: | | |
| Scéim ranníocaíochtaí sainithe | 532 | 533 |
| | 532 | 533 |

**22. Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna**

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

| Stiúrthóir/Rúnaí | Dátaí a ceapadh le linn na bliana (más ann) | Táillí 2019 €'000 | Táillí 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | | – | – |
| Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach) | | 21.7 | 21.6 |
| Des Geraghty | | 12.6 | 12.6 |
| Mairéad Ní Cheóinín | | 12.6 | 12.6 |
| Micheál Seoighe | | 12.6 | 12.6 |
| Michelle Ní Chróinín | | – | – |
| Diarmuid Ó Ruiséal | | 12.6 | 12.6 |
| Bríd Ní Fhachtna | | 12.6 | 12.6 |
| Frank Reidy | | 12.6 | 12.6 |
| Mairéad Ní Nuadháin (Ceaptha 21/11/2017) | | 12.6 | 12.6 |
| Siobhán Ní Ghadhra (Ceaptha 21/11/2017) | | 12.6 | 12.6 |
| Darach Ó Tuairisg (Ceaptha 21/11/2017) | | 12.6 | 12.6 |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird) | | – | – |
| | | 135.1 | 135.0 |

Costais €23,499 a bhain le baill an Bhoird i 2019, (2018: €22,494) le haghaidh: taisteal intíre €12,281 (2018: €14,200), cothabháil €5,070 (2018: €4,297) agus costaisí eile (rúnaíocht, siamsaíocht agus traenáil san áireamh) €6,148 (2018: €3,998).

Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

**23. Áitreabh**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitreabh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe. Tá úinéireacht ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an áitreabh i mBaile na hAbhann agus tá an oifig i mBaile Átha Cliath ar chíos faoi cheadúnas ar feadh téarma trí bliana a thosaigh ar an 24 Samhain 2013 ag muirear bliantúil cíosa de €23.5k. Táthar ag leanacht leis na comhráite féachaint le síneadh bliana a chur leis an gceadúnas don oifig i mBaile Átha Cliath agus idir an dá linn tá TG4 fós ag íoc an cíos bhliantúil de €23.5k, faoina téarmaí céanna.

**24. Sócmhainní airgeadais**

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh Teilifís na Gaeilge agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le Teilifís na Gaeilge, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá cheann in úinéireacht RTÉ agus ceann in úinéireacht Teilifís na Gaeilge. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh gur seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSN. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**25. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin**

| Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas: | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana | 33,106 | 46,263 |

**26. Tiomantais**

| Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas: | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana | 80 | 194 |

**27. Idirbheartaíocht RTÉ**

Fuair Teilifís na Gaeilge 436.5 uair de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019. Bhain 365 uair de seo leis a n-oibleagáid reachtúil. Bhain 59 uair le easnamh uaireannta ó blianta roimhe sin. Fágann seo go bhfuil 12.5 uair sa bhreis ag dul isteach sa bhliain 2020.

**28. Neamhchosaint Airgeadra Coigríche**

Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo in 2019 ná €0 (2018: €0). Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2018: €0).

**29. Comhaltaí Boird — Nochtadh Idirbhearta**

I ngnáthchúrsaí gnó, rinne Teilifís na Gaeilge socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí den Bhord fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.

Chuir Teilifís na Gaeilge modhanna imeachta i bhfeidhm de reir na dtreoirlínte i gCód Cleachtias 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit i leith nochtadh leasanna ag Comhlaltaí den Bhord agus chloígh Teilifís na Gaeilge leis na modhanna sin i rith na bliana.

Ceadaíodh conradh le luach de €800,000, le bheith briste síos in dhá bhliain (2019 & 2020), in 2019 i dtaca le gnóthais a raibh baint ag comhaltaí Teilifís na Gaeilge leo nó a raibh leas acu iontu go díreach nó go hindíreach a nocht siad ag cruinnithe. I measc na gcásanna a bhí ann bhí cinn a raibh comhaltaí Teilifís na Gaeilge fostaithe acu nó ag sólathar seirbhíse dóibh. Chloígh na Comhaltaí sin agus Teilifís na Gaeilge leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe i leith cásanna leasa pearsanta. I gcásanna a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní bhfuair Comhaltaí den Bhord cáipéisíocht bhoird i dtaca leis na hidirbhearta molta, agus níor ghlac na Comhaltaí sin páirt ná níor fhreastail siad ar aon phlé boird a bhain leis an ábhar.

**30. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Cheadaigh an Bord stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 19 Bealtaine 2020.